Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0014(NLE)**

**5696/21**
**ADD 1**

**WTO 16**
**COLAC 6**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 27 final - IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 27 final - IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2021) 27 final - IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.1.2021
COM(2021) 27 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil a mhéid a bhaineann leis an leasú ar Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an Cholóim, Eacuadór agus Peiriú, den pháirt eile**

**DRÉACHT**

**CINNEADH 2/2020 ÓN gCOISTE UM THRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS AGUS AN CHOLÓIM-PEIRIÚ-EACUADÓR**

**an XX 2021**

**lena leasaítear Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile**

TÁ AN COISTE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 191 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 191 den Chomhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim, Peiriú agus Eacuadór, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála'), leagtar síos na nósanna imeachta lena bhféadfaidh Páirtí a chumhdach soláthair faoi Theideal VI den Chomhaontú Trádála a mhodhnú nó a cheartú.

(2) I bhForoinn 1 maidir le heintitis rialtais láir i Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála sonraítear eintitis rialtas láir na Colóime a gcumhdaítear a soláthar faoi Theideal VI.

(3) Ag cruinniú den fhochoiste um Sholáthar Rialtais an 17 Deireadh Fómhair 2019 a reáchtáladh in Bogotá, chuir an Cholóim in iúl don Aontas go raibh sé ar intinn aici liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach a nuashonrú trí shé ghníomhaireacht a cruthaíodh tar éis 2011 a chur leis an liosta, ar gníomhaireachtaí iad a bhaineann leis an leibhéal feidhmiúcháin. Tráth a tugadh an chaibidlíocht don Chomhaontú Trádála idir an tAontas agus an Cholóim i gcrích in 2010, is eintitis soláthair ar leibhéal na n-airí a bhí ag feidhmiú na n-inniúlachtaí a fheidhmíonn na gníomhaireachtaí sin faoi láthair. Níl na gníomhaireachtaí sin ar liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach i gcumhdach na Colóime faoi láthair.

(4) Tá an tAontas agus an Cholóim d'aon tuairim gur cheart liosta na n-eintiteas soláthair ar leibhéal lárnach na Colóime a nuashonrú agus na sé ghníomhaireacht sin a chur leis mar a leagtar amach sa Chinneadh seo.

(5) Dá bhrí sin is gá Foroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála a mhodhnú. Tá an tAontas agus an Cholóim d'aon tuairim nár cheart coigeartuithe cúiteacha a éileamh de bharr an nuashonraithe sin ós rud é gur mionleasú é faoi Airteagal 191(2) den Chomhaontú Trádála.

(6) Maidir leis an gcinneadh leasú a dhéanamh ar Fhoroinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, is féidir leis an Aontas agus leis an gColóim, ós í an tír shínithe lena mbaineann de chuid na nAindéas, an cinneadh sin a ghlacadh laistigh den Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Trádála de bhun Airteagal 14(3) den Chomhaontú Trádála, i gcomhar le hAirteagal 12(4), toisc go mbaineann sé go heisiach leis an gcaidreamh déthaobhach eatarthu,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I bhForoinn 1 de Roinn A d'Fhoscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn XII (Soláthar Rialtais) a ghabhann leis an gComhaontú Trádála, cuirtear an ceannteideal seo a leanas agus na sé ghníomhaireacht seo a leanas le liosta na n-eintiteas soláthair ar an leibhéal lárnach:

'Gníomhaireachtaí Brainse Feidhmiúcháin

29. Agencia Nacional de Minería

30. Agencia Nacional de Infraestructura

31. Agencia Nacional de Seguridad Vial

32. Agencia Nacional del Espectro

33. Agencia Presidencial de Cooperación Internacional de Colombia

34. Agencia de Desarrollo Rural".

*Airteagal 2*

Ní bheidh aon choigeartú cúiteach i gceist leis an leasú dá bhforáiltear in Airteagal 1.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an […].

Déanfar an Cinneadh seo a tharraingt suas i dteangacha oifigiúla na bPáirtithe sa Chomhaontú Trádála agus beidh na téacsanna sin uile barántúil ar an mbonn céanna.

Arna dhéanamh i/in/sa [...]

Thar ceann an Choiste um Thrádáil